Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge

Treoir do Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)

IONAD NA DTEANGACHA
Language Centre

teg
teastaseorpach na gaeilge

OLLSCOIL NA hÉIREANN MÁ NUAD

Treoir do Scrúdú B1 (Meánleibhéal 1)

- Tá ceithre rannóg ar fad sa scrúdú seo agus léiríonn an tábla thíos dáileadh na marcanna sa scrúdú:

Scrúdú B1 (Meánleibhéal 1)	
• Labhairt	30%
• Cluastuiscint	25%
• Léamhthuiscint	25%
• Scríbhneoireacht	20%

- Níl cead ag na hiarrthóirí aon fhoclóir a bheith acu le linn aon chuid den scrúdú.
- Cuirfear oiliúint chuimsitheach ar scrúdaitheoirí a bheidh i mbun riar agus cheartú na scrúduithe seo. Chomh maith leis sin, cuirfear ar an eolas iad maidir leis an chóras marcála atá leagtha amach do gach rannóg.
- Seo a leanas an grádú a dhéanfar ar na marcanna sa dá scrúdú:

50 – 64%	Pas
65 – 79%	Pas le tuillteanas (*Merit*)
80– 100%	Pas le gradam (*Distinction*)

- Cuirfear an marc iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir ar fáil, mar aon le briseadh síos ar na marcanna a ghnóthaigh an t-iarrthóir sna rannóga éagsúla.
- Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh múinteoirí na hiarrthóirí ar an eolas faoi leagan amach an scrúdaithe agus na cineálacha ceisteanna a bhíonn i ngach rannóg den scrúdú. Féach an méid atá thíos agus na scrúduithe samplacha atá ann don leibhéal seo.

An Scrúdú Cluastuisceana B1

- Tá 25% de mharcanna iomlána an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Cluastuisceana.
- Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 30 nóiméad.
- Beidh na trí mhórchanúint in úsáid, ach ní bhainfear úsáid as cainteoirí a bhfuil blas réigiúnach an-láidir ar a gcuid cainte.
- Beidh 5 nóiméad ag iarrthóirí leis na treoracha agus na ceisteanna a léamh sula dtosóidh an taifeadadh.
- Cloisfear gach téacs faoi dhó. Beidh sos ama idir gach casadh agus beidh am breise freisin idir gach ceist.
- Ní gá abairtí iomlána a scríobh.
- Nuair a bhíonn gá le freagraí scríofa, ní mór do fhreagraí na n-iarrthóirí a bheith i nGaeilge. Ní chaillfear marcanna as litriú mícheart, chomh fada agus atá an méid atá scríofa intuigthe.
- Ag an leibhéal seo cloisfidh na hiarrthóirí leaganacha cainte agus caint iomarcach (*redundancies*) nach gclúdaítear i siollabas B1 ach nach bhfuil aon tábhacht lárnach acu maidir leis na ceisteanna atá le freagairt.
- Moltar d'iarrthóirí aire a thabhairt don lámhscríbhneoireacht.
- Tá 4 cheist sa rannóg cluastuisceana.

Ceist 1

- Cloisfidh na hiarrthóirí **3 fhógra** agus beidh orthu 2 cheist a fhreagairt a bhaineann le gach ceann de na fógraí.
- Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht chun eolas faoi leith a aimsiú.
- Tá 12 marc ag dul do Cheist 1 ar fad agus tá gach ceist laistigh den rannóg ar cómharc.

Ceist 2

- Cloisfidh na hiarrthóirí **3 chomhrá** ghearra agus beidh orthu 2 cheist a fhreagairt a bhaineann le gach ceann de na comhráite.
- Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht chun sonraí ábhartha a aimsiú sna comhráite.
- Tá 12 marc ag dul do Cheist 2 ar fad agus tá gach ceist laistigh den rannóg ar cómharc.

Ceist 3

- Cloisfidh na hiarrthóirí píosa ó **agallamh/díospóireacht raidió/cur i láthair** agus beidh orthu 6 cheist a fhreagairt.
- Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht chun sonraí ábhartha a aimsiú.
- Tá 12 marc ag dul do Cheist 3 ar fad agus tá gach ceist laistigh den rannóg ar cómharc.

Ceist 4

- Cloisfidh na hiarrthóirí **comhrá níos faide**. Beidh orthu 6 ráiteas a léamh ansin agus a rá an bhfuil an t-eolas sna ráitis *fíor*, *bréagach*, nó *ní deirtear* (is é sin le rá nach dtugtar an t-eolas sin in aon chor).
- Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht chun mionphointí céille a aimsiú agus dearcadh agus tuairimí na gcainteoirí a aithint.
- Tá 12 marc ag dul do Cheist 4 ar fad agus tá gach ceist sa rannóg ar cómharc.

An Scrúdú Léamhthuisceana B1

- Tá 25% de mharcanna iomlána an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Léamhthuisceana.
- Mairfidh an Scrúdú Léamhthuisceana agus an Scrúdú Scríbhneoireachta 90 nóiméad ar fad (le chéile).
- Nuair a bhíonn gá le freagraí scríofa, ní mór do fhreagraí na n-iarrthóirí bheith i nGaeilge. Ní chaillfear marcanna as litriú mícheart, fad is atá an méid atá scríofa intuigthe.
- Moltar do na hiarrthóirí aire a thabhairt don lámhscríbhneoireacht.
- Tá 3 cheist sa rannóg léamhthuisceana.

Ceist 1

- Sa cheist seo tabharfar próifíl de chúigear do na hiarrthóirí. Beidh orthu iad a mheaitseáil le leabhair/poist/saoire agus araile atá oiriúnach do gach duine den chúigear.
- Moltar do na hiarrthóirí an cur síos a dhéantar ar gach duine a léamh go cúramach. Ansin, ba cheart dóibh an cur síos ar na leabhair/poist/saoire nó cibé ábhar atá ann a léamh go cúramach.
- Sa cheist seo beidh ar na hiarrthóirí miontuiscint a léiriú agus eolas faoi leith a aimsiú.
- Tá 10 marc ar fad ag dul don cheist seo.

Ceist 2

- Beidh an cheist seo bunaithe ar litir, alt nuachtáin nó irise, ar phíosa ó shuíomh idirlín nó ar shliocht as bróisiúr nó leabhar.
- Caithfidh na hiarrthóirí an téacs a scanadh le roinnt freagraí a aimsiú agus beidh orthu cuid de a léamh go cúramach le heolas faoi leith a aimsiú.
- Ní gá go mbeadh na ceisteanna san ord céanna leis an eolas a thugtar sa téacs féin.
- Beidh ar na hiarrthóirí meascán de cheisteanna oscailte agus de cheisteanna ilroghacha a fhreagairt.
- Beidh 7 gceist ar fad le freagairt.
- Tá 14 marc ar fad ag dul don cheist seo.

Ceist 3

- Beidh an cheist seo bunaithe ar phíosa tuairimíochta, ar agallamh nuachtáin nó irise nó a leithéid.
- Beidh ar na hiarrthóirí meascán de cheisteanna oscailte agus de cheisteanna ilroghacha a fhreagairt.
- Beidh ar na hiarrthóirí eolas faoi leith a aimsiú sa téacs, chomh maith le dearcadh agus tuairimí a aithint agus a thuiscint.
- Beidh 8 gceist ar fad le freagairt.
- Tá 16 marc ar fad ag dul don cheist seo.

An Scrúdú Scríbhneoireachta B1

- Tá 20% de mharcanna iomlána an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Scríbhneoireachta.
- Moltar d'iarrthóirí cúram faoi leith a dhéanamh de chaighdeán na lámhscríbhneoireachta.
- Tá trí thasc ar fad sa rannóg seo agus caithfidh na hiarrthóirí tabhairt faoi **gach tasc**.
- Seo an chaoi a ndáilfear na marcanna:

  Tasc 1 (10 marc)
  Tasc 2 (15 marc)
  Tasc 3 (25 marc)

Tasc 1

Téacs ina bhfuil bearnaí le líonadh

- Díríonn an tasc seo ar struchtúir sa teanga agus ar chruinneas gramadaí.
- Beidh 10 mbearna ar fad sa téacs agus beidh **focal amháin** le cur i ngach bearna.
- Caithfidh na foghlaimeoirí a chinntiú go mbeidh aon chlaochlú tosaigh scríofa acu chomh maith, nuair a bhíonn gá lena leithéid. Féach an sampla thíos:

  *Bhuel bhí an **t-agallamh** agam ar an Luan agus ceapaim gur*
  éirigh go maith liom cé go raibh roinnt de na ceisteanna deacair go leor.

- Tá sé riachtanach go ndéanfar na focail atá le soláthar a litriú go cruinn.
- Uaireanta beidh níos mó ná focal amháin a bheidh oiriúnach. D'fhéadfaí go leor focal a úsáid sa sampla thíos. Mar shampla, *maithe, deasa, nua, oíche* agus araile.

  Beidh deireadh seachtaine iontach againn – tá go leor
  clubanna _____ sa chathair anois.

Tasc 2

Nóta/teachtaireacht ríomhphoist/cárta poist a scríobh

- Caithfidh na hiarrthóirí nóta, teachtaireacht ríomhphoist nó cárta poist a scríobh chuig cara.
- Beidh ar na hiarrthóirí idir **45-55 focal** a scríobh sa spás ar an leathanach.
- Caillfear marcanna mura gcloíonn na hiarrthóirí leis an líon focal.
- Beidh 3 phointe ann a thugann treoir faoina bhfuil le scríobh sa nóta/teachtaireacht ríomhphoist/cárta poist. Caithfidh na hiarrthóirí a chinntiú go luafaidh siad **gach ceann de na pointí sin** sa mhéid a scríobhann siad.
- Ba cheart aire a thabhairt don litriú, don ghramadach, don phoncaíocht agus don litriú. Cuirfear soiléire na teachtaireachta san áireamh chomh maith.

Tasc 3

Litir neamhfhoirmeálta

- Léifidh na hiarrthóirí sliocht as litir a scríobh cara dá gcuid chucu.
- Beidh ar na hiarrthóirí díriú ar cheisteanna nó ar phointí sa litir agus litir a scríobh ag freagairt na gceisteanna nó ag tabhairt cibé eolas nó tuairimí a lorgaítear.
- Caillfear marcanna mura gcloíonn na hiarrthóirí leis an ábhar nó le líon na bhfocal a luaitear.
- Beidh ar na hiarrthóirí timpeall **120 focal** a scríobh sa spás ar an leathanach.
- Déanfar measúnú ar chruinneas, ábhar, stíl, eagar an ábhair, litriú agus poncaíocht.